An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

# Ag tacú le muintir na hÉireann le bheith TravelWise agus iad thar lear

## Straitéis Chonsalachta na hÉireann 2019–2022



## Réamhrá

Tá cáil ar mhuintir na hÉireann le fada an lá as bheith ag taisteal. Chuir an taithí a fuaireamar thar lear lenár saol agus tugann míniú ar cad is Éireannach ann fiú. Mar léiriú ar dhearcadh idirnáisiúnta shaoránaigh na hÉireann, sheol an Rialtas 'Éire Dhomhanda 2025' in 2018, ina leagtar amach an tslí a mbrúfaimid rannpháirtíocht dhomhanda na hÉireann go dtí an chéad leibhéal eile sna blianta amach romhainn. I gcás fhormhór na ndaoine, ní bhíonn deacracht ná tragóid ag baint lena seal thar lear. Ach sa chás go mbíonn deacrachtaí ag saoránaigh, is faoin Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála é cúnamh a thabhairt. Cabhraímid le pasanna nua a sholáthar má chailltear pas, cuirimid comhairle taistil ar dhaoine, tugaimid tacaíocht do shaoránaigh ar tharla coir thromchúiseach dóibh agus iad thar lear nó do shaoránaigh atá ag déileáil le bás duine muinteartha thar lear, agus neart eile.

Tá an t-ádh ar Éirinn go bhfuil an oiread sin pobal Éireannach ag cónaí thar lear agus oibreoimid leo chun na seirbhísí atá de dhíth orthu a sholáthar. Bíonn níos mó agus níos mó Éireannach ag taisteal sa lá atá inniu ann, go dtí áiteanna níos faide i gcéin. Dá bharr sin, leagtar amach sa chéad Straitéis Consalachta seo an tslí a bhfreastalóimid ar an éileamh ar chúnamh thar lear, éileamh atá ag fás,



chun an tseirbhís is fearr dár saoránaigh a chinntiú. Cuirimid leis an bhfeasacht faoi thaisteal sábháilte, cuirfimid lenár gcumas cúnamh a thairiscint do na daoine is mó a bhfuil cúnamh de dhíth orthu, déanfaimid tuilleadh comhoibrithe lenár gcomhpháirtithe agus leanfaimid dár seirbhís a dhéanamh níos gairmiúla. Tabharfaimid tús áite don tseirbhís a chuirtear ar fáil a nuachóiriú agus a fheabhsú, chun an t-eispéireas is fearr is féidir a chinntiú dár saoránaigh.

Is mian liom buíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu leis an bpróiseas forbartha agus comhairliúcháin lenar forbraíodh an straitéis seo. Go sonrach, táim buíoch de na comhpháirtithe sin ón tsochaí sibhialta agus ón earnáil dheonach a oibríonn linn chun seirbhís a chur ar fáil atá de dhíth ó shaoránaigh thar lear agus atá tuillte acu.

**Simon Coveney TD**
*An Tánaiste agus an tAire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála*

# Ag tacú le muintir na hÉireann le bheith TravelWise agus iad ag thar lear trí chomhairle taistil agus cabhair chonsalachta den chéad scoth a chur ar fái

## Náisiún a bhfuil cion mór againn ar an taisteal

Is breá le muintir na hÉireann dul ag taisteal. In 2018, chuaigh daoine in Éirinn ar níos mó ná 8.2 milliún turas thar lear. Táthar ag tuar go mbeidh an líon sin níos gaire do 8.7 milliún turas sa bhliain 2019. Is iomaí cúis a bhíonn lenár dtaisteal thar lear, lena n-áirítear laethanta saoire, cúrsaí gnó, cuairt a thabhairt ar chairde agus ar ghaolta, agus bogadh chuig tír nua. Níl aon dabht ach go leanfaidh muintir na hÉireann ag taisteal amach anseo, beag beann ar na cúiseanna a bhaineann leis an taisteal sin.  Laghdóidh an gá le cabhair a thabhairt de réir mar a thaistealaíonn Éireannaigh níos mó agus mar a théimid i dtaithí ar an taisteal agus mar a éirímid níos fearr ag brath orainn féin thar lear.

De ghnáth, ní bhíonn aon fhadhbanna le turais thar lear nuair a dhéantar dóthain ullmhúcháin, ach is féidir linn cabhrú nuair a théann rudaí as riocht. Tá Ambasáidí, Consalachtaí agus Consail Oinigh ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar fud an domhain a chuireann faisnéis, comhairle agus tacaíocht ar fáil do dhaoine chun iad a chur ar a mboinn arís.

## Conas is féidir linn cabhrú leat

Is líontán sábhála tábhachtach iad na hambasáid thar lear do mhuintir na hÉireann. Cuirimid comhairle agus cabhair ar fáil ar fud an domhain. Tá ár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach agus comhpháirtithe eile in ann cabhrú linn freisin más gá. Réitíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála na mílte iarratas ar thacaíocht gach bliain trí na hacmhainní atá againn in Éirinn agus thar lear. Áirítear leo siúd cásanna tromchúiseacha, mar Éireannaigh atá gortaithe, san ospidéal, ar tharla coir thromchúiseach dóibh, nó atá ag fáil báis thar lear.

Is minic a bhímid in ann cabhrú go tapa agus go héasca ag úsáid ár dteagmhálacha agus ár dtacaíochtaí áitiúla. Bíonn saoránaigh Éireannacha i mballstáit an Aontais Eorpaigh in ann brath ar údaráis na tíre ina bhfuil siad de ghnáth chun cabhair a thabhairt díreach mar a bheadh ar fáil ó údaráis


na hÉireann sa bhaile. Cinntímid go ndéanfar ár gcomhairle agus ár bhfaisnéis a nuashonrú go rialta le deimhniú go mbeimid in ann cabhrú le daoine a bhfuil tacaíocht uathu chun seirbhísí agus eolas áitiúil a fháil.

## An Chairt um Chabhair Chonsalachta: Ár gCuid Luachanna, Gealltanas agus Prionsabal

D'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Cairt um Chabhair Chonsalachta sa bhliain 2017 ina mínítear conas is féidir linn cabhrú le saoránaigh Éireannacha thar lear agus an teorainn a bhaineann leis an gcabhair sin. Táimid tiomanta do chabhrú le saoránaigh Éireannacha i ngátar le réimse tacaíochta i mbealach rúnda, gairmiúil, faisnéiseach agus trédhearcach, agus tá ár bhfoireann ar fáil 24/7 le freagairt ar aon iarratas éigeandála ar chabhair.

## Ag cur lenár Lorg Domhanda

Is cuid ríthábhachtach den obair a dhéanann líonra taidhleoireachta na hÉireann cabhrú le saoránaigh Éireannacha atá thar lear. Gheall Rialtas na hÉireann go gcuirfí leis an líonra sin i bpríomhréigiúin lena n-áirítear Tuaisceart na hAfraice, Iarthar na hAfraice, réigiún an Aigéin Chiúin agus an Meánoirthear faoin tionscnamh Éire Dhomhanda 2025. Tá leanúint ar aghaidh ag cabhrú le saoránaigh Éireannacha thar lear ag croílár an tionscnaimh seo, ag feabhsú go leanúnach an tseirbhís atá ar fáil do shaoránaigh timpeall an domhain.




## Comhairle a chur ar fáil

Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag breathnú ar na bealaí is fearr atá ann chun tacaíocht a chur ar fáil d'Éireannaigh agus iad ag taisteal thar lear, de réir mar a thagann méadú ar líon turas na nÉireannach thar lear. Bíonn comhairle chothrom le dáta agus chabhrach againn ar na tíortha is mó a dtaistealaíonn daoine chucu agus tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh muintir na hÉireann in ann cinntí *"TravelWise"* a dhéanamh faoina dturas.

Ach éiríonn sé níos deacra tacaíocht a chur ar fáil de réir mar a thaistealaíonn

daoine níos minice agus chuig áiteanna níos iargúlta. Geallaimid go gcuirfimid cabhair ar fáil dóibh siúd is mó a dteastaíonn sí uathu. Ach tús áit a thabhairt do chabhrú leo siúd is mó a dteastaíonn cabhair uathu, beimid in ann cabhair agus tacaíocht a thabhairt dóibh siúd i gcruachás, agus i gcásanna nach féidir le daoine a bhfadhbanna a réiteach iad féin. Cinnteoimid go bhfuilimid ullmhaithe chun an chabhair sin a chur ar fáil, agus oibreoimid lenár gcomhpháirtithe le deimhniú go gcuirimid an chomhairle agus an chabhair is fearr agus is féidir ar fáil.

Go sonrach, cuirimid cabhair agus tacaíocht dhíreach ar fáil do roinnt daoine atá ag streachailt le fadhbanna meabhairshláinte gach bliain, agus feicimid go bhfuil líon na gcásanna sin ag méadú. Tugaimid tiomantas, le linn thréimhse na straitéise seo, do chinntiú go bhfuil na scileanna cuí ag ár bhfoireann agus go gcuirfear tacaíocht ar fáil dóibh le cabhrú sna cásanna áirithe seo.

## Tírdhreach consalachta atá ag athrú

Tá tírdhreach consalachta nua atá ag éirí níos casta againn sa lá atá inniu ann. Mar aon le saoránaigh a thaistealaínn chuig áiteanna iargúlta agus dainséaracha ar an gcorruair, tá méadú ar líon na gcásanna deacra amhail fuadach idirnáisiúnta páiste arna dhéanamh ag tuismitheoir, agus méadú ar líon na ndéshaoránach Éireannach. Baineann teorannacha dlíthiúla leis an gcabhair dhíreach a bhféadfaimid a chur ar fáil sna cásanna sin, ach cinnteoimid go bhfuil an fhaisnéis riachtanach againn le cabhrú leis na daoine seo a oiread agus is féidir linn.

## Straitéis a Fhorbairt

D'fhorbair an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála an straitéis seo i gcomhairle fhorleathan lenár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe, le foireann na Roinne, le saoránaigh Éireannacha a fuair cabhair roimhe seo, agus ag breathnú ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta.




Reáchtáil an Roinn raon comhairliúchán chun dearcthaí a fháil ónár bpáirtithe leasmhara a mbíonn tionchar acu ar sholáthar ár gCabhrach Consalachta do shaoránaigh Éireannacha agus a chuireann leis an gcabhair sin.

Reáchtáladh Fóram Consalachta freisin i mBealtaine 2018, inar tháinig raon leathan páirtithe leasmhara le chéile chun a dtuairimí a chur in iúl trí chomhráite téamacha ar raon ábhar.

Chuathas i dteagmháil le foireann na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a oibríonn in Éirinn agus inár misin thar lear chun tuairimí a fháil ó na daoine a chuireann an chabhair dhíreach ar fáil. Anuas air sin, reáchtáladh comhairliúcháin le hAireachtaí Eachtracha inchomparáide atá cosúil linn féin chun tuiscint a fháil ar an gcur chuige dea-chleachtais i leith Cabhair Chonsalachta a chur ar fáil do shaoránaigh thar lear.

Leagadh raon téamaí agus tuairimí amach thar réimsí éagsúla ón gcomhairliúchán cuimsitheach seo. Pléadh tacaíocht agus oiliúint foirne, an gá atá le níos mó cumarsáid réamhghníomhach agus ghairmiúil, leas níos fearr a bhaint as buntáistí agus acmhainneacht na teicneolaíochta agus tuilleadh infheistíochta i dtionscnaimh rathúla ar nós na haipe TravelWise.




## Tiomantas

Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála tiomanta do chinntiú go bhfuil Comhairle Taistil atá faisnéiseach agus cothrom le dáta ar fáil le saoránaigh Éireannacha a spreagadh le cinntí *"TravelWise"* a dhéanamh nuair atá siad ag taisteal thar lear, agus go dtugtar cabhair agus tacaíocht do na saoránaigh Éireannacha is mó a dteastaíonn sé uathu agus iad thar lear.

Leagtar ceithre príomhthosaíocht amach sa straitéis seo a bhaineann lenár seirbhís a oiriúnú chun a chinntiú go mbainfimid an tiomantas seo amach:

1. For-rochtain Phoiblí & Cumarsáid

2. Gairmiúlacht

3. Comhpháirtíocht

4. Tosaíocht

Faoi 2022, cuirfimid Cabhair Chonsalachta ar fáil i mbealach nua-aimseartha agus nuálach, ag tabhairt tús áite do chur chuige TravelWise i leith an taistil thar lear, agus ag cur cabhair dhíreach ar fáil dóibh siúd is mó a dteastaíonn sí uathu.

## *For-rochtain Phoiblí & Cumarsáid: Cur chuige "TravelWise" a chothú*

Foilsíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála Comhairle Taistil fhaisnéiseach i gcomhair níos mó ná 200 tír ar a suíomh gréasáin (**www.dfa.ie/ie/taisteal**) agus ar an aip TravelWise. Bíonn an chomhairle seo bunaithe ar thuairiscí ó Ambasáidí agus Consalachtaí áitiúla na hÉireann, agus ó chomhpháirtithe agus údaráis áitiúla atá cosúil linn féin agus ón Aontas Eorpach. Tugtar faisnéis phraiticiúil ar shábháilteacht, slándáil agus nósanna áitiúla sa chomhairle seo agus ceaptar í chun cabhrú le saoránaigh Éireannacha cinntí feasacha agus "TravelWise" a dhéanamh sula dtéann siad ag taisteal.


Foilsímid ailt thráthúla ina gcuirtear comhairle ar fáil do dhaoine a thaistealaíonn thar lear i gcomhair imeachtaí móra, an Corn Domhanda, na Cluichí Oilimpeacha agus Lá Domhanda Bhród na nAerach ina measc. Cuirfimid ár gComhairle Taistil chun cinn go gníomhach trí fheachtais ar líne agus ar na meáin shóisialta agus trí fhor-rochtain phoiblí atá dírithe ar ghrúpaí ar leith.

Ní bhíonn an chomhairle taistil éifeachtach mura léann saoránaigh í agus mura n-éisteann siad léi. Tá saoránaigh Éireannacha ag taisteal ag aois níos óige sa lá atá inniu ann, mar sin ní mór go mbeadh an chomhairle taistil níos inrochtana do gach uile aoisghrúpa chun feasacht agus tuiscint níos fearr a chothú i leith raon, theorannacha agus fhairsinge na cabhrach consalachta.

### TravelWise

Is aip d'fhóin chliste é TravelWise a bhfuil gradaim buaite aige agus a dearadh chun cabhrú le saoránaigh Éireannacha fanacht slán sábháilte agus ar an eolas agus iad ag taisteal, ag cónaí nó ag obair thar lear. Ar an aip TravelWise, bíonn an chomhairle taistil intuigthe, iontaofa agus chuimsitheach agus an fhaisnéis chonsalachta atá againn ar 200 tír éagsúil ar fáil duit go héasca ar d'fhón póca. Táimid tiomanta don aip TravelWise a nuashonrú go leanúnach le cinntiú go bhfuil an chomhairle atá air úsáideach agus faisnéiseach ionas gur féidir le saoránaigh Éireannacha cinntí "TravelWise" a dhéanamh nuair atá siad thar lear.

Díreoimid ar ár bhfor-rochtain phoiblí le TravelWise a leathnú thar tréimhse na straitéise, ag féachaint leis an tionchar agus an éifeacht is mó a bhaint as ár gcumarsáid. Tá sé mar aidhm againn an branda "TravelWise" a fhorbairt, agus muintir na hÉireann a chur ar an eolas agus iad ag taisteal thar lear faoi na réamhchúraimí riachtanacha agus an



gá atá le hárachas taistil cuimsitheach. Táimid ag súil le comhpháirtíochtaí níos deimhne a fhorbairt leis an tionscal taistil le deimhniú go bhfuil na teachtaireachtaí a chuirimid amach éifeachtach agus go dtéann siad i bhfeidhm ar an spriocphobal.

Faoi 2022, forbróimid branda TravelWise atá comhsheasmhach agus inaitheanta a spreagann muintir na hÉireann a bheith ullmhaithe sula dtaistealaíonn siad thar lear, agus árachas taistil cuimsitheach a cheannach do gach turas.



*Ár dTosaíochtaí:*

- Cur chuige i leith na cumarsáide a fhorbairt a spreagann muintir na hÉireann le cur chuige “TravelWise” a úsáid agus iad ag taisteal.
- Leanúint ar aghaidh ag feabhsú na haipe TravelWise d’fhóin chliste mar an príomhbhealach chun cumarsáid a dhéanamh le hÉireannaigh atá ag taisteal thar lear.
- Cur lenár bhfor-rochtain phoiblí le cinntiú go bhfaighidh an spriocphobal na teachtaireachtaí “TravelWise”.
- Dul i gcomhairle leis an tionscal taistil agus le comhpháirtíochtaí tionscail eile chun cur chuige “TravelWise” i leith an taistil a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh ag cur faisnéis bheacht agus ábhartha ar fáil a chuireann ar chumas mhuintir na hÉireann cinntí “TravelWise” a dhéanamh sula dtéann siad ag taisteal.

### *Gairmiúlacht: Ag ullmhú agus ag cur bonn eolais faoinár gcur chuige i leith Cabhair Chonsalachta*

Cuireann an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus ár gcomhpháirtithe ar ár son, Cabhair Chonsalachta ar fáil do shaoránaigh Éireannacha atá i gcruachás thar lear. Áirítear i measc ár bhfoirne foireann taidhleoireachta a oibríonn le hAmbasáidí agus le Consalachtaí ar fud an domhain, foireann áitiúil a oibríonn sna hoifigí sin, agus oifigigh Cabhair Chonsalachta atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath.

### Oiliúint Réigiúnach

Le déanaí, reáchtálamar clár trialach Oiliúna Réigiúnaí chun an fhoireann uile ag Ambasáidí agus Consalachtaí a spreagadh le tabhairt faoin gCabhair Chonsalachta ar bhealach comhoibríoch. Bhain buntáistí leis an tsamhail seo, ar nós luach níos fearr ar airgead, agus spreag siad dearcadh réigiúnach agus comhspleáchas i measc na foirne. Neartaíodh ullmhacht i leith géarchéim réigiúnach dá bharr freisin.

Bhí an-rath ar an gclár píolótach seo agus mar sin cuirfear an oiliúint ar fáil sna réigiúin uile de réir a chéile, agus déanfar í a nua-shonrú go rialta chun freastal ar riachtanais oiliúna foirne.

Cuirtear oiliúint speisialta ar ár bhfoireann go rialta chun ár dtiomantas don dea-chleachtas a bhaint amach, agus chun feasacht a ardú ar chomhthéacsanna agus ar threochtaí nua atá ag teacht chun cinn, a chuireann bonn eolais faoin obair a bhíonn idir lámha againn. Leanfaimid leis an athbhreithniú ar na cláir foghlama agus forbartha a chuirtear ar fáil don fhoireann uile in Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann, ag deimhniú go mbaineann ár gcláir an leas is fearr as an teicneolaíocht nuálach, saineolas seachtrach agus cuir chuige nua-aimseartha i leith na foghlama agus na struchtúr réigiúnach.

Bíonn na hiarratais a fhaightear ar Chabhair Chonsalachta agus an tacaíocht a chuirtear ar fáil éagsúil i ngach cás ag brath ar shuíomh an té atá ag lorg cabhrach. Tá an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag iarraidh struchtúr neartaithe réigiúnach a chur ar a cuid oibre, agus cuirfimid an struchtúr seo i bhfeidhm laistigh dár seirbhís Cabhair Chonsalachta le deimhniú go gclóitear le dea-chleachtas ar fud ár líonra misean, ag tacú lenár bhfoireann agus ag feabhsú ár seirbhíse.

Pléann an Roinn le níos mó ná 800,000 iarratais agus ceisteanna maidir le consalacht, pasanna agus víosaí gach bliain. Faoi láthair, má theastaíonn cabhair éigeandála ó dhuine thar lear, féadfar teagmháil a dhéanamh

le hAmbasáidí agus Consalachtaí na hÉireann go háitiúil trí sheirbhísí a chuirtear ar fáil taobh amuigh d'uaireanta gnó, ag brath ar an tír atá i gceist. Déanfaimid athbhreithniú ar na struchtúir seo le deimhniú go gcuirimid an tseirbhís is fearr agus is féidir ar fáil do shaoránaigh Éireannacha a bhfuil ár gcabhair de dhíth orthu.

Baineann sásamh le Cabhair Chonsalachta a chur ar fáil ach baineann dúshláin leis chomh maith. Tá raon tacaíochtaí ag an Roinn a bhíonn ar fáil don fhoireann nuair atá tuilleadh treorach nó comhairle uathu, agus deimhneoimid go bhfuil na tacaíochtaí sin oiriúnach agus dóthanach le freastal ar nádúr uathúil na hoibre a bhaineann le Cabhair Chonsalachta a sholáthar.

Faoi 2022, beidh gach ball foirne a chuireann Cabhair Chonsalachta ar fáil oilte, beidh na scileanna cuí acu agus beidh dóthain tacaíochta acu le cabhair riachtanach a chur ar fáil d'Éireannaigh thar lear.

### *Ár dTosaíochtaí:*

» Athbhreithniú a dhéanamh ar Struchtúir Réigiúnacha agus an chaoi a bhféadfaidís tacú le cur chuige níos comhtháite i leith tacú le hÉireannaigh thar lear, agus post trialach a chruthú, an "Bainisteoir Consalach Réigiúnach".

» Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil taobh amuigh d'uaireanta gnó le cinntiú go gcuirimid an tseirbhís is fearr agus is éifeachtúla ar fáil do dhaoine a dteastaíonn ár gcabhair uathu.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar an Oiliúint a chuirtear ar fáil do chomhghleacaithe a sholáthraíonn cabhair chonsalachta agus ar a gcuid ullmhúchán, ag baint leas as an teicneolaíocht nua chun na cláir foghlama agus forbartha is fearr a chur ar fáil.

» A chinntiú go bhfuil tacaíochtaí leasa foirne cuí i bhfeidhm do na baill foirne ar fad a chabhraíonn le hÉireannaigh i gcruachás.

» Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Géarchéimeanna agus ar an gCóras Clárúcháin Saoránach agus a uasghrádú chun athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar an obair a dhéanaimid agus ar ár gcur chuige.

## *Comhpháirtíocht: Líonra de Thacaíocht Saoránach a fhás*

Bíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ag brath ar raon leathan comhpháirtithe chun tacaíochtaí speisialta a sholáthar do shaoránaigh Éireannacha a dteastaíonn cabhair, faisnéis agus treoir uathu. Cuireann na comhpháirtithe sin cabhair shaineolach ar fáil i gcásanna nach bhfuilimid in ann é sin a dhéanamh, agus cuireann siad bonn eolais faoinár gcur chuige i leith cabhair a sholáthar nuair is féidir linn.

Oibrímid le raon comhpháirtithe ó shochaí shibhialta na hÉireann lena n-áirítear Kevin Bell Repatriation Trust, agus Comhairle na hÉireann do Phríosúnaigh thar lear, agus ranna rialtais eile chun an chabhair is cuí a sholáthar i mbealach comhtháite. Tá comhpháirtithe áitiúla againn ar fud na cruinne freisin lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a chabhraíonn le híospartaigh foréigean baile agus eagraíochtaí speisialta a chabhraíonn le daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu. Bheadh an chabhair a chuirimid ar fáil do shaoránaigh Éireannacha thar lear an-teoranta murach na comhpháirtithe sin. Áirítear i measc ár gcomhpháirtithe eile an Garda Síochána agus Óglaigh na hÉireann, ag cinntiú go mbeidh cur chuige comhaontaithe againn i leith ullmhúcháin do na cúinsí is dúshlánaí, agus leanfaimid ag cothú cur chuige nasctha i leith Pleanáil, Ullmhú agus Freagairt ar Ghéarchéim.

### Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Chonsalach

Faoi Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Cosaint Chonsalach, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2018, tá an ceart ag saoránaigh Éireannach cabhair a iarraidh ó Ambasáid nó Consalacht d'aon Bhallstát AE eile i dtír nach bhfuil Ambasáid na hÉireann nó ionadaíocht bhuan ar Éirinn ann.

Tá an Treoir seo ar cheann de na buntáistí a bhaineann le taisteal mar shaoránach de Bhallstát AE, mar a gcabhraíonn sé le saoránaigh Éireannacha atá i dtíortha nach bhfuil Ambasáid na hÉireann ann cosaint taidhleoireachta a fháil.

Oibrímid le heagraíochtaí áitiúla pobail agus leasa Éireannacha go minic nuair atáimid ag soláthar cabhrach do shaoránaigh Éireannacha thar lear, agus tacaíonn an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le go leor díobh faoin gClár Tacaíochta Eisimirceach. Leanfaimid leis an iarracht an chabhair a chuirimid ar fáil a ailíniú le gníomhaíochtaí na n-eagraíochtaí seo, ag féachaint le comhpháirtíochtaí nua agus níos doimhne a thacaíonn lenár n-obair a chruthú.

Leanfaimid ag oibriú go dlúth agus plé go gníomhach lenár gcomhpháirtithe,

tacaíocht a thabhairt dóibh agus foghlaim uathu; cinnteoidh sé sin go bhfuil seirbhís ghairmiúil agus oiriúnach á soláthar ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Ní mór dúinn ár gcur chuige i leith Cabhair Chonsalachta a ailíniú go gníomhach agus go réamhghníomhach chun an leas is mó a bhaint as na comhpháirtíochtaí seo agus le deimhniú go mbeidh comhpháirtíocht láidir agus neartaithe againn amach anseo.

Oibrímid go dlúth lenár gcomhpháirtithe AE agus le hAireachtaí Eachtracha atá cosúil linn féin freisin le cinntiú go bhfuil cur chuige comhleanúnach agus faisnéiseach againn i leith Cabhair Chonsalachta. Is iomaí rud a fhoghlaimímid ónár gcomhpháirtithe i líonraí ar nós Mheitheal an AE um Ghnóthaí Consalachta agus an Fhóraim Dhomhanda Consalachta, faoi na dúshláin, na treochtaí agus na nuálaíocht i soláthar Cabhair Chonsalachta. Táimid tiomanta do bheith rannpháirteach go gníomhach agus go suntasach sna líonraí sin, ag glacadh ról ceannródaíoch chun dea-chleachtas a chinntiú maidir le Cabhair Chonsalachta.

Faoi 2022, forbróidh agus neartóidh an Roinn comhpháirtíochtaí intíre agus idirnáisiúnta a chuirfidh bonn eolais faoin tacaíocht agus cabhair a chuirtear ar fáil d'Éireannaigh thar lear agus a bhainfidh amach iad.

***Ár dTosaíochtaí:***

- Oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara le cinntiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach ann i leith tacaíocht a chur ar fáil d'Éireannaigh thar lear.
- Líonra de pháirtithe leasmhara a chothú le cinntiú go leantar ag roinnt foghlama agus meastóireachta ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil d'Éireannaigh.
- Tacú lenár gcomhpháirtithe thar lear agus plé leo trí shásraí maoinithe ar nós an Chláir Tacaíochta Eisimirceach.
- Comhpháirtíochtaí intíre agus idirnáisiúnta a chothú chun bonn eolais a chur faoin mbealach a gcabhraímid le hÉireannaigh thar lear.
- Bheith páirteach i gcónaí i gcomhráite ar chúrsaí Consalachta agus bheith inár gceannródaí iontu, ar ardáin ar nós COCON, an Fhóraim Dhomhanda Consalachta, agus le hAireachtaí Eachtracha atá cosúil linn féin.

### *Tosaíocht: Ar n-acmhainní a dhíriú níos fearr orthu siúd is mó a dteastaíonn siad uathu*

Is breá le muintir na hÉireann dul ag taisteal. Measaimid go rachaidh muintir na hÉireann ar 9.2 milliún turas thar lear in 2018. Tá daoine ag taisteal chuig áiteanna atá níos faide ón mbaile agus chuig áiteanna a d'fhéadfadh a bheith níos dainséaraí chomh maith. Dá bharr sin, déantar níos mó iarratas ar Chabhair Chonsalachta leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála gach bliain. Sa bhliain 2017, chuireamar Cabhair Chonsalachta ar fáil i níos mó ná 2,500 cás. Ar an drochuair, áirítear leis sin an chabhair a tugadh do theaghlaigh agus do mhuintir 320 saoránach Éireannach a fuair bás thar lear, méadú 28% ar an mbliain roimhe sin.

Bíonn teorann leis an gcabhair is féidir linn cur ar fáil mar gheall ar ár n-acmhainní, agus díreoimid ar chabhair a thabhairt dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu ar dtús sna blianta amach romhainn. Cuirfimid faisnéis atá ábhartha agus cothrom le dáta ar fáil le cabhrú le saoránaigh Éireannacha fadhbanna simplí a réiteach dóibh féin trí threoir a sholáthar ar theagmhálaithe áitiúla, faisnéis áitiúil agus an reachtaíocht áitiúil.

Cuirfimid a oiread faisnéis ar fáil agus is féidir linn. Mar sin féin, tá líon na n-iarratas ag méadú agus tá teorainn lenár n-acmhainní agus tá sé ríthábhachtach tús áite a thabhairt d'iarratais ar chabhair agus ar thacaíocht dhíreach, le cinntiú go gcabhróimid leis na daoine is mó a dteastaíonn an chabhair sin uathu ar dtús.

Bunófar an chaoi a dtugtar tús áit do chásanna áirithe sin ar chúinsí éagsúla, ar nós chumas an duine féin óna bhfuil cabhair, an áit a bhfuil sé/sí, má tá Ambasáid nó Consalacht againn sa cheantar agus cúinsí áitiúla.

Fuaireamar níos mó iarratas ar chabhair a raibh baint ag fadhbanna meabhairshláinte leo idir 2015 agus 2017, agus tháinig méadú faoi dhó ar líon na n-iarratas den chineál sin. Is minic a bhíonn na cásanna seo an-chasta.

#### Líon na nIarratas ag Méadú

Thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála cabhair do shaoránaigh Éireannacha a bhí i gcruachás thar lear in 2017 breis is 2,500 uair; ba mhéadú 61% é sin ón mbliain 2015.

Táthar ag tuar go rachaidh daoine ar níos mó turas thar lear agus go rachfar ar thart ar 9 milliún turas thar lear in 2020, mar sin is dócha go mbeidh gá le cabhair chonsalachta fós sna blianta beaga amach romhainn.

Deimhneoimid go bhfuil an fhaisnéis agus an t-eolas cuí againn ar an mbealach is fearr le cabhair a thabhairt do daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus iad thar lear. Cinnteoimid freisin go bhfuil ár saoránaigh ar an eolas mar gheall ar na rioscaí a bhaineann leis an taisteal nuair atá fadhb meabhairshláinte agat.

De réir an daonáirimh is déanaí, tháinig méadú 90% ar líon na ndaoine in Éireann a bhfuil dénáisiúntacht Éireannach acu idir 2011 agus 2016. Níl oibleagáid ar thíortha faoin dlí idirnáisiúnta dénáisiúntacht a aithint go dlíthiúil. Bíonn tionchar ag an dénáisiúntacht seo go minic ar ár gcumas cabhrú le déshaoránaigh agus iad sa dara tír a bhfuil saoránacht acu ann. Cinnteoidh an pas a úsáideadh le dul isteach sa tír cén stát a chuirfidh cabhair chonsalachta ar fáil. Chuige seo, ní mór do dhéshaoránaigh Éireannacha atá ag taisteal ar phas an dara tír ina bhfuil saoránacht acu ann agus a bhfuil cabhair chonsalachta uathu dul i gcomhairle leis an stát eile a bhfuil saoránacht acu ann chun cabhair chonsalachta a fháil.

Faoi 2022, tabharfaidh an Roinn cabhair d'Éireannaigh thar lear atá i gcruachás agus dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu agus cabhróidh sí leo réitigh a fháil ar a bhfadhbanna féin, nuair is féidir.

***Ár dTosaíochtaí:***

- A chinntiú go bhfuil faisnéis ar fáil le cabhrú le hÉireannaigh cinntí "TravelWise" a dhéanamh nuair atá siad thar lear.
- A chinntiú go gcuirfear cabhair chuí ar fáil dóibh siúd is mó a dteastaíonn an chabhair sin uathu ar dtús.
- Ár líonra agus ár dtacaíochtaí a fhorbairt ionas go stiúrfaidh siad daoine a bhfuil cabhair uathu chuig na tacaíochtaí áitiúla nó pearsana cuí, nuair is féidir.
- Bonn eolais a chur faoinár gcur chuige i gcásanna a bhfuil baint ag fadhbanna meabhairshláinte leo, le deimhniú go gcuirfimid an tacaíocht cheart ar fáil sa bhealach ceart.
- Staitisticí a fhoilsiú agus machnamh a dhéanamh ar an aiseolas uile a fhaightear, agus na sonraí sin a úsáid le measúnú a dhéanamh ar an gcabhair a chuirimid ar fáil.

## TIOMANTAS

***Ag tacú le muintir na hÉireann le bheith TravelWise agus iad ag thar lear trí chomhairle taistil agus cabhair chonsalachta den chéad scoth a chur ar fáil***

| | For-rochtain Phoiblí & Cumarsáid | Gairmiúlacht |
|---|---|---|
| SPRIOCANNA | *Cur chuige "TravelWise" a chothú* | *Ag ullmhú agus ag cur bonn eolais faoinár gcur chuige i leith Cabhair Chonsalachta* |
| ÁR DTOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA | Cur chuige i leith na cumarsáide a fhorbairt a spreagann muintir na hÉireann le cur chuige "TravelWise" a úsáid agus iad ag taisteal. | Athbhreithniú a dhéanamh ar Struchtúir Réigiúnacha agus an chaoi a bhféadfaidís tacú le cur chuige níos comhtháite i leith tacú le hÉireannaigh thar lear, agus post trialach a chruthú, an "Bainisteoir Consalach Réigiúnach". |
| | Leanúint ar aghaidh ag feabhsú na haipe TravelWise d'fhóin chliste mar an príomhbhealach chun cumarsáid a dhéanamh le hÉireannaigh atá ag taisteal thar lear. | Athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil taobh amuigh d'uaireanta gnó le cinntiú go gcuirimid an tseirbhís is fearr agus is éifeachtúla ar fáil do dhaoine a dteastaíonn ár gcabhair uathu. |
| | Cur lenár bhfor-rochtain phoiblí le cinntiú go bhfaighidh an spriocphobal na teachtaireachtaí "TravelWise". | Athbhreithniú a dhéanamh ar an Oiliúint a chuirtear ar fáil do chomhghleacaithe a sholáthraíonn cabhair chonsalachta agus ar a gcuid ullmhúchán, ag baint leas as an teicneolaíocht nua chun na cláir foghlama agus forbartha is fearr a chur ar fáil. |
| | Dul i gcomhairle leis an tionscal taistil agus le comhpháirtíochtaí tionscail eile chun cur chuige "TravelWise" i leith an taistil a chur chun cinn. | A chinntiú go bhfuil tacaíochtaí leasa foirne cuí i bhfeidhm do na baill foirne ar fad a chabhraíonn le hÉireannaigh i gcruachás. |
| | Leanúint ar aghaidh ag cur faisnéis bheacht agus ábhartha ar fáil a chuireann ar chumas mhuintir na hÉireann cinntí "TravelWise" a dhéanamh sula dtéann siad ag taisteal. | Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCóras Bainistíochta Cásanna agus Géarchéimeanna agus ar an gCóras Clárúcháin Saoránach agus a uasghrádú chun athbhreithnithe leanúnacha a dhéanamh ar an obair a dhéanaimid agus ar ár gcur chuige. |
| TORADH | ***Faoi 2022, forbróimid branda TravelWise atá comhsheasmhach agus inaitheanta a spreagann muintir na hÉireann a bheith ullmhaithe sula dtaistealaíonn siad thar lear, agus árachas taistil cuimsitheach a cheannach do gach turas.*** | ***Faoi 2022, beidh gach ball foirne sa Roinn a chuireann Cabhair Chonsalachta ar fáil oilte, beidh na scileanna cuí acu agus beidh dóthain tacaíochta acu le cabhair riachtanach a chur ar fáil d'Éireannaigh thar lear.*** |

| **Comhpháirtíocht**<br><br>***Líonra de Thacaíocht Saoránach a fhás*** | **Tosaíocht**<br><br>***Ar n-acmhainní a dhíriú níos fearr orthu siúd is mó a dteastaíonn siad uathu*** |
|---|---|
| Oibriú go dlúth le páirtithe leasmhara le cinntiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach ann i leith tacaíocht a chur ar fáil d'Éireannaigh thar lear. | A chinntiú go bhfuil faisnéis ar fáil le cabhrú le hÉireannaigh cinntí "TravelWise" a dhéanamh nuair atá siad thar lear. |
| Líonra de pháirtithe leasmhara a chothú le cinntiú go leantar ag roinnt foghlama agus meastóireachta ar an tacaíocht a chuirtear ar fáil d'Éireannaigh. | A chinntiú go gcuirfear cabhair chuí ar fáil dóibh siúd is mó a dteastaíonn an chabhair sin uathu ar dtús. |
| Tacú lenár gcomhpháirtithe thar lear agus plé leo trí shásraí maoinithe ar nós an Chláir Tacaíochta Eisimirceach. | Ár líonra agus ár dtacaíochtaí a fhorbairt ionas go stiúrfaidh siad daoine a bhfuil cabhair uathu chuig na tacaíochtaí áitiúla nó pearsana cuí, nuair is féidir. |
| | |
| Bheith páirteach i gcónaí i gcomhráite ar chúrsaí Consalachta agus bheith inár gceannródaí iontu, ar ardáin ar nós COCON, an Fhóraim Dhomhanda Consalachta, agus le hAireachtaí Eachtracha atá cosúil linn féin. | Staitisticí a fhoilsiú agus machnamh a dhéanamh ar an aiseolas uile a fhaightear, agus na sonraí sin a úsáid le measúnú a dhéanamh ar an gcabhair a chuirimid ar fáil. |
| ***Faoi 2022, forbróidh agus neartóidh an Roinn comhpháirtíochtaí intíre agus idirnáisiúnta a chuirfidh bonn eolais faoin tacaíocht agus cabhair a chuirtear ar fáil d'Éireannaigh thar lear agus a bhainfidh amach iad.*** | ***Faoi 2022, tabharfaidh an Roinn cabhair d'Éireannaigh thar lear atá i gcruachás agus dóibh siúd is mó a dteastaíonn sé uathu agus cabhróidh sí leo réitigh a fháil ar a bhfadhbanna féin, nuair is féidir.*** |



## Téigh i dteagmháil linn

An tAonad um Chabhair Chonsalachta,
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála,
80 Faiche Stiabhna,
Baile Átha Cliath 2, D02 VY53

**Teil:** (01) 408 2000
**Ríomhphost:** ConsularAssistance@dfa.ie

**Eolas Roimh Thaisteal**
https://www.dfa.ie/ie/taisteal/eolas-roimh-thaisteal/

Cabhair **Thar Lear**
https://www.dfa.ie/ie/taisteal/cunamh-thar-lear/

**Comhairle Taistil**
https://www.dfa.ie/ie/taisteal/comhairle-taistil-de-reir-tire/

**Íoslódáil an aip TravelWise**
https://www.dfa.ie/ie/taisteal/travelwise-ga/

**Lean muid ar Twitter**
@dfatravelwise

An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

